

❖ An Lúibín ❖

22 Bealtaine 2014

Foras na Gaeilge agus irisí na Gaeilge

Tá píosa le Ferdie Mac an Fhailigh, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Fhoras na Gaeilge, foilsithe ar an *Irish Times* mar fhreagra ar an míshásamh a cuireadh in iúl faoi ghearradh an mhaoinithe d'irisí agus d'eagraíochtaí Gaeilge.¹ Deir sé gur iondúil go ndéantar athbheithniú den saghas seo: caithfidh an Foras a thaispeáint go bhfuil bunús lena chuid oibre agus socrú ar an dóigh is fearr chun an obair a dhéanamh.

Deir sé gur fáisceadh cuid mhór d'eagraíochtaí na Gaeilge as an seansaol agus gur cuireadh leo de réir na n-athruithe a bhí ag teacht ar staid na teanga. Sampla de seo is ea an t-éileamh atá ag teacht ar oideachas trí Ghaeilge. Níor cónascadh na heagraíochtaí agus tá a gcuid cuspóirí gan athrú. Sa bhliain 2009 fuair an Foras ordú ón gComhairle Aireachta Thuaidh Theas athstruchtúrú a dhéanamh. Choimisinigh siad taighde agus chuaigh siad i gcomhairle leis an bpobal agus leis na hearnálacha. As an méid sin a tháinig an socrú nua.

Tugann Mac an Fhailigh aird ar leith san alt úd ar dhá iris Ghaeilge, *An tUlltach* agus *Feasta*. Ar pháipéar a fhoilsítear an bheirt, agus tagann *An tUlltach* amach neamhrialta go leor. Níl ach cuid bheag den ábhar atá iontu ar fáil ar líne. Tá baint ag *Feasta* le Conradh na Gaeilge agus baineann *An tUlltach* leis an gcrabhadh tuaidh den Chonradh, Comhaltas Uladh. Deir Mac an Fhailigh nach léir gur fiú dhá iris den saghas seo a fhoilsiú agus gan acu ach líon beag léitheoirí. Ar líne, a deir sé, a théann léitheoirí anois. (B'fhiú a rá, áfach, go bhfuil blag deas ag *An tUlltach* ón mbliain 2010 i leith: <http://antultach.wordpress.com/>.)

Tá réiteach na ceiste le fáil, dar le Mac an Fhailigh, i réimse leathan léitheoireachta: nuacht, míreanna meallacacha irise, litríocht agus ailt fhada léirmheasa. Tá an Foras tar éis conradh ceithre bliana nuachtáin a fhógairt; beidh sé ag iarraidh daoine chun iris stílbheatha agus foilseachán liteartha agus cursaí reatha a fhoilsiú. Caithfear aird a choinneáil ar na hathruithe a tháinig ar chostas agus ar theicneolaíocht an fhoilsithe, ar nósanna léitheoireachta agus ar an teanga féin. Ní mór cothú na teanga a athrú ó bhonn.

Níl tuairim Mhic an Fhailigh gan chiall. Ní mór do na hirísí Gaeilge lánbhuntáiste a bhaint as an Idirlíon agus cluain a chur ar léitheoirí (léitheoirí óga go háirithe) le dearadh beoga nua-aimseartha. Maidir le cursaí stílbheatha agus cursaí reatha, áfach, déanann NÓS (www.nosmag.com) sárobair cheana mar iris ghreanta sholéite.

Scéal eile is ea na hirísí liteartha. Ní deacair a áitiú go bhfuil an iomarca acu ann, ach tá stair fhada ag gach ceann acu agus ní imeoidh siad ón saol seo gan chlámhsán mór. B'fhéidir go n-éireodh leo dul ar aghaidh faoi choimirce eagraíochtaí a tháinig slán ón ngearradh, ach tá na pingíní gann ar fud na háite.

Tar éis an tsaol, níor chríonna an mhaise don Fhoras cinneadh chomh tobann sin a dhéanamh agus gan chaoi a thabhairt do na hirísí réiteach eile a lorg. Is é rogha na mbeart an beart mall, fiú ar uair seo na práinne.



¹ Ferdie Mac an Fhailigh: 'Promotion of Irish online and through publications must be strategic,' *Irish Times*, 2/5/2014: <http://www.irishtimes.com/culture/promotion-of-irish-online-and-through-publications-must-be-strategic-1.1780572>

Bloomsday in Melbourne

Tá Bloomsday buailte linn agus beidh deis ag daoine in Melbourne *Ulysses Prestissimo* a fheiceáil: an t-úrscéal *Uiliséas* agus é curtha in oiriúnt don stáitse – ocht gcaibidil déag laistigh de dha uair an chloig. Bloomsday in Melbourne a bheidh á léiriú, i gcomhar leis an Brighton Theatre Company agus Bayside's Words by the Bay. Timpeall ceithre fichid páirt atá ann agus iad á ndéanamh ag naonúr aisteoirí.

Chomh maith leis sin beidh seiminéar ann faoin úrscéal le Steve Carey agus Philip Harvey.

Breis eolais: <http://www.bloomsdayinmelbourne.org.au/bloomsday/>



Stair na Gaeilge i Nua Eabhrac

Bhí Nicholas Wolf, scoláire ó Nua Eabhrac, in Melbourne roinnt blianta ó shin chun feidhm a bhaint as an ábhar Gaeilge atá idtáisce i Lárionaid Léinn Choláiste Newman agus Choláiste Mhuire (Ollscoil Melbourne). Tá mic léinn dá chuid féin in Ollscoil Nua Eabhrac agus tús curtha acu le tionscadal a nochtfaidh stair na gcainteoirí Gaeilge i Nua Eabhrac i dtús an fichiú haois. Féach www.nyuirish.net/irishlanguagehistory.

Bhí Gaeilge ó dhúchas ag 54,000 daoine ar a laghad ann de réir dhaonáireamh na bliana 1910. Tugann samplaí náisiúnta ón daonáireamh léargas beag ar an bpobal seo, ach tá a laghad sin acu ann le hais an phobail mhóir fheidearálaigh gur gá breis taighde a dhéanamh. Deir Nicholas go bhfuil fáilte roimh dhaoine ar mian leo beagán ama a chaitheamh ag cuardach na dtaifead agus á dtrascríobh, gan trách ar eolas a fháil ar na pobail eile a bhí ina gcónaí i Nua Eabhrac ag an am. Is ar cheantar Chelsea a dhéanfar taighde ar dtús.

Breis eolais:

<http://www.nmwolf.net/4/post/2013/10/digital-humanities-project-irish-speakers-the-empire-city.html>



Gobnait Ní Bhruadair

Ba bhean mheabhrach chumasach aisteach í. Bhí in ann ceithre theanga a labhairt agus bhí léamh na Laidine aici. Bhí suim mhór aici i gcúrsaí sláinte agus bhí an-bhaint aici le gluaiseacht na saoirse. Rugadh Gobnait Ní Bhruadair (Albina Brodrick) i Londain sa bhliain 1861: b'íníon í leis an 8ú Bíocunta Middleton agus a bhean Augusta Mary Freemantle. Bhí leathúntas talún ag a muintir agus chaith Gobnait a hóige i Sasana.

B'Aontachtóir mór an deartháir ba shine aici agus meas gamal aige ar na hÉireannaigh. Ach tháinig Gobnait faoi anáil Chonradh na Gaeilge agus chaith tamall i dTír Chonaill, rud a chuidigh léi máistreacht a fháil ar an teanga. Bhí sí scanraithe ag an mbochtanas a fuair sí roimpi ann.

D'fhág bás a hathar sa bhliain 1907 ar an neamhacra í. Bhí sí fuaimintiúil riamh agus ciall láidir d'obair aici, go háirithe i gcúrsaí sláinte. Oileadh í ar bhanaltracht i mBaile Átha Cliath, agus an bhliain dar gcionn cheannaigh sí teach in aice le Cathair Dónaill i gCiarraí. Bhunaigh sí comharchumann curadóireachta, agus théadh sí ó theach go teach ag fóirithint ar na daoine nuair a bhí an bholgach faoi lán seoil ann. Chuaigh sí chun Meiriceá, cuairt a thug deis di nósanna banaltrachta na tíre a scrúdú agus airgid a chruinniú don ospidéal a thóg sí i gCathair Dónaill (cé nár mhair sé sin i bhfad).

Bhí Gobnait páirteach i ngluaiseacht liteartha na Gaeilge agus ba dhluthchara léi an tAthair Pádraig Ua Duinnín, foclóirí mór na Nua-Ghaeilge agus duine a bhí chomh haisteach léi féin. Dhéanadh sé cuid oibre i Acadamh Ríoga na hÉireann i mBaile Átha Cliath:

Bhí tine bhreá oscailte ansin agus shuíodh sé os a comhair, a dhá chois sínte amach ar gach taobh di agus a bhríste cornaithe suas go dtí na glúna air ionas go mbainfeadh sé lántairbhe aisti. Is ansin a bhéarfadh duine fá deara go háirithe na stocaí gearra olla a chaithfeadh sé – stocaí a bhí geal lán den tsaol ach a raibh

an ghile imithe astu cheal níocháin. Bhíodar bán go leor fós, áfach, le go mbeadh géarchoimhlint idir iad agus duibhe éadaí an tsagairt. Bronntanas iontu ó Ghobnait Ní Bhruadair (Hon. Albina Broderick), Gaeilgeoir dúthrachtach Protastúnach ó Chontae Chiarraí. Ba í a chnótáil dó a chuid stocai go léir ar feadh tríocha bliain.²

Ní raibh sí féin tugtha don ghalántacht maidir le héadaí – a mhalairt ar fad.

Thugadh sí dídean d'fhir ar a gcoimeád i rith Chogadh na saoirse, rud nár thaitin leis na Dúchrónaigh, agus bhí sí i gcoinne De Valera i gCogadh na gCarad.

Rinneadh ball de Choiste Seasta Shinn Féin di sa bhliain 1926 agus ise a chuir *Saoirse*, páipéar poblachtach, amach idir na blianta 1935–1937. Ní raibh bá aici leis an radachas polaitiúil; bhunaigh sí féin agus Mary MacSwiney Mná na hÉireann (cumann coimeádach náisiúnach) sa bhliain 1933 nuair a bhog Cumann na mBan i dtreo na heite clé. (Ní raibh rath ar an eagraíocht nua.)

Bhi aois mhór bainte amach aici nuair a cailleadh í sa bhliain 1955 agus í ina comhartha ar ré agus ar aicme nach dtiocfaidh arís.

Le léamh

Pádraig Ó Loingsigh agus Pádraig Mac Fhearghusa: *Gobnait Ní Bhruadair: The Honourable Albina Lucy Broderick*. Coiscéim 1997

Ní Bhruadair, Gobnait (1861-1955) <http://ainm.ie/Bio.aspx?ID=51>



An Mhanainnis san Astráil

Tá eolas againn ar úsáid na Gaeilge agus na Gàidhlig san Astráil sa 19ú haois ach ar éigean atá eolas ar bith againn ar úsáid Ghaeilge Mhanann (an Mhanainnis). Tá leid nó dhó le fáil ó thuairimí daoine i Manainn féin. Sa bhliain 1874 dúirt Henry Jenner go raibh an Mhanainnis mar ghnáth-theanga ag timpeall 30% de phobal an oileáin (i.e. 12,340 duine). Ach bhí an dátheangachas le tabhairt faoi deara tamall maith roimhe sin. Sa bhliain 1848 measadh gur beag duine den aos óg a bhí gan Bhéarla. Sa bhliain 1901 dúirt 9.1% den phobal sa daonáireamh go raibh Manainnis acu, agus faoin mbliain 1921 ní raibh Manainnis á labhairt ach ag 1.1%.

Is dócha, mar sin, go raibh Manainnis ar a dtail ag 40% den phobal timpeall na bliana 1840, fiú má bhí an dátheangachas ag éirí coitianta. Faoin am sin bhí na Manannaigh ag déanamh ar an Astráil. Sa bhliain 1839 rinne an *Manx Liberal* tagairt do roinnt Manannach ar na longa *Porter* agus *Dorset* a bhí ag dul go dtí an Astráil, agus bhí Manannaigh le fáil in Adelaide sa bhliain 1840. Mheall an orthóraitocht a lán eile sna 1850í; tá litreacha ó imircigh ann (i mBéarla, ar ndóigh). Bhí Manannaigh ag cur fúthu sa Nua-Shéalainn freisin.

Scéal ar leith is ea scéal na loinge *Vixen*. Fir as Peel a thóg í agus iadsan a sheol chun na hAstráile í sa bhliain 1853. Trí fir is caoga a bhí ar bord; thréig siad an long agus thug aghaidh ar na láithreáin óir, ach ba ghearr gur thuig a bhformhór gurbh fhearr an bheatha a bhainfidís as an long a sheoladh. Sin mar a bhí an scéal nó gur thug siad ar ais go dtí Manainn í sa bhliain 1859. (Bádh an long agus a raibh inti sa bhliain 1864.)

Ní furasta a dhéanamh amach anois cá mhéad Manannach a thug an tseanteanga leo go dtí an Astráil agus cén úsáid a bhain siad aisti. Ní dóichí rud ná go raibh Manainnis ag scata acu, ach ní dócha go raibh scríobh na teanga ag mórán acu.

Ar léamh na teanga a bhí treise á cur ó na 1760í amach agus fáil go forleathan ar an mBíobla agus ar ábhar cráifeach eile. Bhí dhá thaobh ar an scéal, ós cosúil go raibh léamh an Bhéarla, a bheag nó a mhór, ag formhór na léitheoirí Manainnise san 18ú haois féin agus go raibh úsáid an Bhéarla á leathnú tríd an dátheangachas as sin amach. Ar an ábhar sin amháin ní bheadh súil agat le litreacha i Manainnis ón Astráil. Níor thángthas ar ábhar scríofa Manainnise d'aon saghas san Astráil, go bhfiós dúinn.

² Proinsias Ó Conluain agus Donncha Ó Céileachair. *An Duinníneach*. Sáirséal agus Dill 1958, 1976, lgh 23-24.

Is léir, mar sin, gur gá níos mó taighde a dhéanamh ar cheist na Manainnise san Astráil.

Le léamh

George Broderick. *Language Death in the Isle of Man*. Walter de Gruyter 1999

Manx emigration: <http://www.isle-of-man.com/manxnotebook/famhist/genealogy/emig.htm>

Mark Sebba. *Spelling and Society*. Cambridge University Press 2007, lgh 61-66

Mark Sebba, 'Orthography as literacy: how Manx was "reduced to writing"' in Alexandra M. Jaffe agus eile (eag.), *Orthography as Social Action: Scripts, Spelling, Identity and Power*, Walter de Gruyter 2012



An Ghaeilge san Aontas Eorpach

B'fhurasta talamh slán a dhéanamh de gur tugadh aitheantas iomlán don Ghaeilge mar cheann den cheithre theanga oifigiúla agus oibre ar fhichid san Aontas Eorpach sa bhliain 2007. Ach ligeann an dlí do Rialtas na hÉireann lánaitheantas a chur siar go dtí an bhliain 2016. Ciallaíonn an maolú seo (mar a thugtar air) nach gá do gach foras de chuid an AE dlíthe agus cáipéisí a aistriú go Gaeilge. Tá sé ráite ag Thomas Byrne, iarrthóir de chuid Fhianna Fáil do Pharlaimint na hEorpa, go cóir an maolú a chealú toisc go bhfuil cearta agus postanna ag brath air.³ Deir Conradh na Gaeilge féin go gcuirfí breis is 189 post ar fáil d'ateangairí agus d'aistritheoirí dá gcaithfí an maolú i gcártaí.

Ach níl Gaeilgeoirí féin ar aon intinn faoin scéal. Deir Donncha Ó hÉallaithe, gníomhaí agus conspóidí, nach bhfuil fiche státseirbhíseach sa Roinn Oideachais a mbeadh Gaeilge a ndóthain acu chun freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge: 'Smaoinigh, tá an Conradh ag iarraidh ar na iarrthóirí tacú le éileamh ar aitheantas don Ghaeilge san AE nach bhfuil ar fáil ón Roinn Oideachais i mBaile Átha Cliath'. Fiafraíonn sé, mar a d'fhiafraigh a lán eile cheana, cé léifeadh na cáipéisí dlíthiúla atá le haistriú go Gaeilge san AE.⁴

Bhí freagraí difriúla air seo. Más as an AE a thagann cuid mhaith de na dlíthe a chuirtear i bhfeidhm ar fud na hEorpa, cén dochar iad a aistriú go Gaeilge? Is iad na Ballstáit go léir atá ag íoc as tuarastal na n-aistritheoirí. Dúirt duine eile go neamhbhalbh nach bhfuil san obair aistriuchain ata ar bun san AE ach siombalachas baoth agus cur amu airgid agus ama. Mar fhreagraí air sin maíodh go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh ardghradam ag 'ár dteanga náisiúnta' agus go dtaispeánfaí don saol mór go bhfuil sí inniúil ar shaincheisteanna móra na linne seo a láimhseáil. Ansin tháinig fear an réitigh agus é á rá gur féidir an dá thrá a fhreastal. Níl a fhios againn fós céard a dhéanfaidh an Rialtas.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Leaganacha simplithe

³ 'European Parliament must end second-class status of Irish language,' *Irish Times*, 5/5/2014:

<http://www.irishtimes.com/culture/treibh/european-parliament-must-end-second-class-status-of-irish-language-1.1784171>

⁴ Donncha Ó hÉallaithe, 'Stádas na Gaeilge san Eoraip, an Cur Amú Airgid É?' *Beo*, Eagrán 157, Bealtaine 2014:

<http://www.beo.ie/alt-stadas-na-gaeilge-san-eoraip-an-cur-amu-airgid-e.aspx>

Foras na Gaeilge agus irisí na Gaeilge

Tá Foas na Gaeilge tar éis maoiniú a ghearradh d'irisí agus d'eagraíochtaí Gaeilge. Scríobh Ferdie Mac an Fhailigh, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin⁵ an Fhorais, chun an *Irish Times* chun a mhíniú cén fáth a ndearna an Foras é seo.

Deir sé go gcaithfidh an Foras a thaispeáint go bhfuil bunús lena chuid oibre agus socrú ar an dóigh is fearr chun an obair a dhéanamh.

Deir sé gur fáisceadh cuid mhór d'eagraíochtaí na Gaeilge as an seansaol. Níor cónascadh iad rimah agus tá a gcuid cuspóirí gan athrú. Sa bhliain 2009 fuair an Foras ordú ón gComhairle Aireachta Thuaidh Theas⁶ athstruchtúrú a dhéanamh. Rinneadh an Foras taighde, agus as an taighde sin a tháinig an socrú nua. Deir Mac an Fhailigh go bhfuil athruithe tagtha ar chostas agus ar theicneolaíocht an fhoilsithe, ar nósanna léitheoireachta agus ar an teanga féin

Tugann Mac an Fhailigh aird ar leith ar dhá iris Ghaeilge, *An tUltach* agus *Feasta*. Baineann siad beirt leis an eagraíocht chéanna, Conradh na Gaeilge. Ní bhaineann ceachtar acu úsáid mhór as an Idirlíon. Deir Mac an Fhailigh nach léir gur fiú dhá iris den saghas seo a fhoilsiú. Níl acu ach líon beag léitheoirí. B'fhearr leis aon iris amháin a bheith ann agus í a bheith ar fáil ar líne.

Chomh maith leis sin is mian leis an bhForas iris nua stílbheatha a chur á foilsiú⁷ ar líne. Ach tá a leithéid ann cheana: sin NÓS (www.nosmag.com), iris ghreanta sholáite.

Scéal eile is ea na hirísí liteartha. B'fhéidir go bhfuil an iomarca acu ann, ach tá stair fhada ag gach ceann acu agus ní imeoidh siad gan chlámhsán mór. Ba cheart don Fhoras deis a thabhairt do na hirísí réiteach eile a fháil.

Gobnait Ní Bhruadair

Rugadh Gobnait Ní Bhruadair (Albina Brodrick) i Londain sa bhliain 1861. Bhain sí le huasaicme Phrotastúnach na hÉireann. Ba bhean mheabhrach chumasach aisteach í. Bhí in ann ceithre theanga a labhairt agus bhí léamh na Laidine aici. Bhí suim mhór aici i gcúrsaí sláinte agus bhí an-bhaint aici le gluaiseacht na saoirse.

Tháinig Gobnait faoi anáil Chonradh na Gaeilge agus fuair sí máistreacht ar an nGaeilge. Rinne sí staidéar ar bhanaltracht i mBaile Átha Cliath agus cheannaigh sí teach i gContae Chiarraí, mar ar thug sí aire do dhaoine tinne.

Bhí Gobnait páirteach i ngluaiseacht liteartha na Gaeilge agus ba dhluthchara léi an tAthair Pádraig Ua Duinnín, foclóirí mór na Nua-Ghaeilge. Thugadh sí dídean d'fhir ar a gcoimeád⁸ i rith Chogadh na Saoirse, rud nár thaitin leis na Dúchrónaigh. Bhí baint aici le Sinn Féin, ach ní raibh bá aici leis an radachas polaitiúil;

Bhí aois mhór bainte amach aici nuair a cailleadh í sa bhliain 1955.

⁵ Príomhoifigeach Feidhmiúcháin – chief executive officer

⁶ Comhairle Aireachta Thuaidh Theas – North/South Ministerial Council

⁷ (Iris) a chur á foilsiú – to get a magazine published

⁸ Ar a gcoimeád – on the run